Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Eanáir 2021**
**(OR. en)**

**5701/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0015 (CNS)**

**FISC 12**
**ECOFIN 75**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Eanáir 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 28 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 maidir le comhar riaracháin i réimse na ndleachtanna máil a mhéid a bhaineann le hábhar na gclár leictreonach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 28 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 28 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.1.2021
COM(2021) 28 final

2021/0015 (CNS)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 maidir le comhar riaracháin i réimse na ndleachtanna máil a mhéid a bhaineann le hábhar na gclár leictreonach**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is éard a leagtar síos le Rialachán 389/2012[1] ón gComhairle (CE) an bunús dlí a bhí le comhar riaracháin idir na Ballstáit.

Is togra é seo atá ag gabháil le Caibidil V de Threoir 2020/262 ón gComhairle[2]. Is éard a mbaineann sé leis ná an liosta ábhar i gclár an bhunachair leictreonaigh a choinníonn na Ballstáit i ndáil le coinsíneoirí deimhnithe agus le coinsínithe deimhnithe nach seolann earraí agus nach bhfaigheann earraí ach ó am go chéile.

I gcás coinsíneoir deimhnithe nó coinsíní cláraithe nach bhfaigheann earraí máil ach ó am go chéile, féadfaidh na Ballstáit deimhniú sealadach teoranta a thabhairt dóibh i leith méid áirithe earraí máil, is é sin d'aon choinsíneoir nó d'aon choinsíní amháin le haghaidh tréimhse shonraithe ama.

Is éard a leagtar amach leis an togra an fhaisnéis atá le cur sna cláir a choinníonn na Ballstáit maidir le gan earraí a bheith á n-aistriú ó áit go chéile ag coinsíneoirí nó ag coinsíní deimhnithe ach ó am go chéile. Is le cáilíocht na n-earraí a bhaineann an fhaisnéis sin, sin agus le céannacht an oibreora eacnamaíoch i ndeireadh aistear na n-earraí, mar aon leis an aga a mhairfidh an deimhniú sealadach.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá nasc ag Treoir 2020/262 ón gComhairle, treoir lena sainmhínítear an rud is coinsínseoir deimhnithe ann agus an rud is coinsíní deimhnithe ann. Is éard atá sna coinsínseoirí deimhnithe agus sna coinsínithe deimhnithe na hoibreoirí eacnamaíocha a mbíonn lámh acu in aistriú earraí máil, earraí a cuireadh ar fáil chun tomhailte ar chríocha Ballstáit amháin, earraí a aistríodh ina dhiaidh sin go críocha Ballstáit eile. Is é cuspóir atá leis an togra seo an raon feidhme atá le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 ón gComhairle a leathnú ar mhaithe le leagan amach na faisnéise atá le cur ag na Ballstáit i gcláir na n-oibreoirí eacnamaíocha sin le linn dóibh a bheith ag aistriú earraí máil ó am go chéile.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Is leasú an-teicniúil atá sa leasú seo agus dá bhrí sin tá sé gan tionchar ar bheartais eile de chuid an Aontais.

### 2. AN BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **An bunús dlí**

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Foráiltear leis an airteagal sin go nglacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta agus tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, go nglacfaidh sí forálacha le haghaidh comhchuibhiú ar rialacha na mBallstát i réimse na cánach indírí.

[1] IO L 121, 8.5.2012, lch. 1
[2] IO L 58, 27.2.2020, lch. 4

- **An choimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Tá feidhm ag prionsabal na coimhdeachta sa mhéid is nach bhfuil an togra faoi réir inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh.

Ní féidir leis na Ballstáit féin cuspóirí an togra a bhaint amach go leordhóthanach, agus is fearr is féidir a mbaint amach ar leibhéal an Aontais. Is iomaí leagan ar na nósanna imeachta cláraithe atá ann faoi láthair go náisiúnta, agus ní oiriúnach an bunús iad i gcomhair uathoibriú na nósanna seo.

- **An chomhréireacht**

Ní théann an togra le haghaidh athmhúnlú thar a bhfuil riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna atá i dtreis agus, ar an dóigh sin, chun an cuspóirí atá ag an Aontas a bhaint amach mar atá feidhmiú cuí éifeachtach an mhargaidh inmheánaigh.

Cloíonn an togra seo le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach i mír 4 d'Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

Is é cuspóir atá ag an togra oibleagáidí na mBallstát a thabhairt isteach, is é sin na oibleagáidí atá orthu i leith aistriú ar earraí a dhéanann oibreoirí eacnamaíocha faoi scáth Chaibidil V, roinn 2 de Threoir (AE) 2020/262 ón gComhairle. D'éagmais an togra sin, ní féidir lán-uathoibriú aistriú na n-earraí a chuirtear ar fáil chun tomhailte.

- **An rogha ionstraime**

Rialachán ón gComhairle.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Measúnú tionchair**

Ullmhaíodh an measúnú tionchair i gcomhair athmhúnlú Threoir 2008/118/CE. Tar éis a leasaithe go mór uair i ndiaidh a chéile de ghrá na soiléire, is amhlaidh a rinneadh aisghairm ar Threoir 2008/118/CE ón gComhairle, treoir lena leagtar amach na socruithe ginearálta le haghaidh earraí a bhfuil dleacht mháil orthu, agus is le Treoir (AE) 2020/262 a rinneadh an aisghairm sin. Togra sin an athmhúnlaithe, is togra é a raibh measúnú tionchair ag gabháil leis ar Threoir 2008/118/CE ón gComhairle, rud a chuir fócas ar réimsí ar leith, ina measc sin an t-uathoibriú ar aistriú earraí máil laistigh den Aontas, earraí a cuireadh ar fáil chun tomhailte. Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle, tugann sí aghaidh ar an ríomhairiú ar aistriú earraí máil a chuireann na coinsíneoirí agus na coinsínithe deimhnithe ar fáil chun tomhailte, rud nach bhforáiltear dó i dTreoir 2008/118/CE, agus chomh maith leis sin leagann sí amach na coinníollacha le haghaidh an deimhnithe shealadaigh nár nach mbíonn coinsíneoirí agus coinsínithe deimhnithe ag aistriú earraí ach ó am go chéile.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú rialála**

Is faoi chuimsiú chlár REFIT an Choimisiúin Eorpaigh a rinneadh an mheastóireacht ar Threoir 2008/118/CE.

- **Cearta bunúsacha**

Is togra é sin ina urraimítear na cearta bunúsacha, go mór mór ceart na príobháideachta, trí bhíthin na forála um chosaint sonraí arb ann dó cheana i Rialachán (AE) uimh. 389/2012.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon acmhainní breise ó bhuiséad an Aontais de dhíth.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leasaíonn an togra raon feidhme Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 le faisnéis a chur ann nach mór do na Ballstáit a chur i gcláir an bhunachair leictreonaigh i ndáil leis na coinsíneoirí agus na coinsínithe deimhnithe nach n-aistríonn earraí máil ach ó am go chéile, coinsíneoirí agus coinsínithe a ndeonaítear deimhniú sealadach dóibh.

I gcás na gcoinsíneoirí cláraithe, ní mór d'údaráis inniúla na mBallstát inneachar an deimhnithe shealadaigh a áireamh sa chlár, eadhon an méid earraí máil, céannacht an choinsíní sa Bhallstát cinn scríbe, agus an tréimhse ama a bhfuil an t-údarú bailí lena linn.

I gcás na gcoinsínithe cláraithe, ní mór d'údaráis inniúla na mBallstát ábhar an deimhnithe shealadaigh a áireamh sa chlár eadhon an méid earraí máil, céannacht an choinsíneora sa Bhallstát seolta, agus an tréimhse ama a bhfuil an t-údarú bailí lena linn.

2021/0015 (CNS)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 maidir le comhar riaracháin i réimse na ndleachtanna máil a mhéid a bhaineann le hábhar na gclár leictreonach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 113 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[3],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 389/2012[4] ón gComhairle leagtar síos oibleagáid do na Ballstáit cláir leictreonacha a choinneáil d'údaruithe ar oibreoirí eacnamaíocha agus ar thrádstórais atá i mbun earraí máil a ghluaiseacht faoi shocrú fionraí dleachta.

(2) Le Treoir (AE) 2020/262[5] ón gComhairle, déantar úsáid an chórais ríomhairithe faoi Chinneadh (AE) 2020/263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], atá á úsáid faoi láthair chun maoirseacht a dhéanamh ar ghluaiseachtaí earraí máil faoi fhionraí dleachta, a leathnú amach chun go n-úsáidfear é freisin chun maoirseacht a dhéanamh ar earraí máil arna scaoileadh lena dtomhailt i gcríoch Ballstáit amháin agus a ghluaistear go críoch Ballstáit eile lena seachadadh chun críoch tráchtála.

(3) Ionas gur féidir an córas ríomhairithe a fheidhmiú i gceart trína áirithiú go ndéanfar sonraí iomlána, cothrom le dáta agus cruinne a stóráil, is gá raon feidhme Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 a leasú chun an fhaisnéis a leagan amach ba cheart do na Ballstáit a chur i gcláir an bhunachair leictreonaigh i ndáil leis na coinsíneoirí deimhnithe agus na coinsínithe deimhnithe nach n-aistríonn earraí ach ó am go chéile.

(4) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach, eadhon sainiú na faisnéise ba cheart do na Ballstáit a chur sa chlár

---

3 IO C , , lch. .

4 Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 ón gComhairle an 2 Bealtaine 2012 maidir le comhar riaracháin i réimse na ndleachtanna máil agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2073/2004 (IO L 121, 8.5.2012, lch. 1)

5 Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil (IO L 58, 27.2.2020 lch. 4.)

6 Cinneadh (AE) 2020/263 CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2020 maidir le ríomhairiú gluaiseachta agus faireacháin táirgí máil (IO L 58, 27.2.2020, lch. 43.)

leictreonach i ndáil leis na coinsíneoirí deimhnithe agus na coinsínithe deimhnithe nach n-aistríonn earraí máil ach ó am go chéile, agus de bharr áirithiú fheidhmiú comhchuibhithe an chórais ríomhairithe agus éascú chomhrac na calaoise, gur fearr is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(5) Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint. I bhfianaise na dteorainneacha arna socrú leis an Rialachán reatha, ní théann próiseáil na sonraí sin a dhéantar faoi chreat an Rialacháin seo thar a bhfuil riachtanach agus comhréireach chun leas fioscach dlisteanach na mBallstát a chosaint.

(6) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7].

(7) Chun dáta cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a ailíniú le dáta cur i bhfeidhm fhorálacha Threoir (AE) 2020/262 maidir le huathoibriú gluaiseachtaí earraí máil a scaoileadh lena dtomhailt i gcríoch Ballstáit amháin agus a ghluaistear go críoch Ballstáit eile chun go seachadtar chun críoch tráchtála i gcríoch an Bhallstáit eile sin iad agus chun go gceadófar a ndóthain ama do na Ballstáit chun ullmhú do na hathruithe a eascraíonn as an Rialachán seo, ba cheart feidhm a bheith aige ón 13 Feabhra 2023.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal (19)2 de Rialachán (AE) Uimh. 389/2012, cuirtear na pointí seo a leanas leis:

‘(l) i gcás coinsíneoirí deimhnithe nach n-aistríonn earraí máil ach ó am go chéile dá dtagraítear in Airteagal 35(8) de Threoir (AE) 2020/262, an méid earraí máil, céannacht an choinsíní sa Bhallstát cinn scríbe, agus an tréimhse ama a bhfuil an t-údarú bailí lena linn;

(m) i gcás coinsínithe deimhnithe nach n-aistríonn earraí máil ach ó am go chéile dá dtagraítear in Airteagal 35(8) de Threoir (AE) 2020/262, an méid earraí máil, céannacht an choinsíneora sa Bhallstát seolta, agus an tréimhse ama a bhfuil an t-údarú bailí lena linn.’

[7] Cinneadh (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018, (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39)

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ón 13 Feabhra 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*